**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/559 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 9 Márta 2026**

**lena ndiúltaítear iarratas ar chosaint ainmniúcháin tionscnaimh 'SUBOTIČKO — HORGOŠKA PEŠČARA / СУБОТИЧКО — ХОРГОШКА ПЕШЧАРА' (ATFC)**

*(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2026) 1481)*

**(Is iad na téacsanna Béarla agus Spáinnise amháin atá barántúil)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]) agus go háirithe Airteagal 97(4) de, sular leasaíodh é le Rialachán (AE) 2021/2117 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinne Agroalimentacion y Calidad (AyC – bunaithe i Maidrid) an t-iarratas ar chlárú an ainm fíona Sheirbiaigh 'SUBOTIČKO - HORGOŠKA PEŠČARA / СУБОТИЧКО – ХОРГОШКА ПЕШЧАРА' mar ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC) a chur faoi bhráid an Choimisiúin thar ceann an Chomhlachais Kadarka (grúpa iarrthach atá bunaithe i bPoblacht na Seirbia) an 27 Aibreán 2011, i gcomhréir le hAirteagal 118d(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ([3]) ón gComhairle, arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 491/2009 ón gComhairle ([4]).

(2) I gcomhréir leis na rialacha idirthréimhseacha in Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) 2021/2117, in Airteagal 90(1) de Rialachán (AE) 2024/1143 ([5]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus in Airteagal 61 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([6]), agus in éagmais rialacha idirthréimhseacha i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 670/2011 ón gCoimisiún ([7]), tá

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2021/2117 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta, (AE) Uimh. 1151/2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí, (AE) Uimh. 251/2014 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint sonraí geografacha i ndáil le táirgí fíona cumhraithe, agus (AE) Uimh. 228/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas (IO L 435, 6.12.2021, lch. 262, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2117/oj).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2007 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus maidir le forálacha sonracha i gcomhair táirgí áirithe talmhaíochta (Rialachán Aonair Chomheagrú an Mhargaidh Aonair) (IO L 299, 16.11.2007, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2007/1234/oj).

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 491/2009 ón gComhairle an 25 Bealtaine 2009 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus maidir le forálacha sonracha i gcomhair táirgí áirithe talmhaíochta (Rialachán Aonair Chomheagrú an Mhargaidh Aonair) (IO L 154, 17.6.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/491/oj).

([5]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

([6]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2018 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hiarratais ar chosaint ainmniúchán tionscnaimh, tásc geografach agus téarmaí traidisiúnta in earnáil an fhíona, an nós imeachta agóide, srianta ar úsáid, leasuithe ar shonraíochtaí táirge, cealú cosanta agus lipéadú agus cur i láthair (IO L 9, 11.1.2019, lch. 2, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/33/oj).

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 670/2011 ón gCoimisiún an 12 Iúil 2011 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 607/2009 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe áirithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 479/2008 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus tásca geografacha faoi chosaint, téarmaí traidisiúnta, lipéadú agus cur i láthair táirgí áirithe in earnáil an fhíona (IO L 183, 13.7.2011, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2011/670/oj).

feidhm ag Airteagal 118c, 118d agus 118g(1) agus (2) de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 (arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 491/2009), Airteagail 94 agus 97(2) agus (4) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 (sular leasaíodh é le Rialachán (AE) 2021/2117) agus Airteagail 11 agus 12 de Rialachán (CE) Uimh. 607/2009 ón gCoimisiún ([8]), arna leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 670/2011 ón gCoimisiún.

(3) De bhun Airteagal 118g(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007, arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 491/2009, Airteagal 97(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, mar a bhí infheidhme sular leasaíodh é le Rialachán (AE) 2021/2117, chomh maith le hAirteagail 11 agus 12 de Rialachán (CE) Uimh. 607/2009, arna leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 670/2011 ón gCoimisiún, scrúdaigh an Coimisiún an t-iarratas ar chlárú an ainm 'SUBOTIČKO - HORGOŠKA PEŠČARA / СУБОТИЧКО – ХОРГОШКА ПЕШЧАРА' mar ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 118d(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007, arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 491/2009, agus le hAirteagal 94(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, sula leasaíodh é le Rialachán (AE) 2021/2117, i gcás ina mbaineann iarratas ar chosaint le limistéar geografach i dtríú tír, ní mór cruthúnas a bheith ann, sa bhreis ar na heilimintí is gá le haghaidh iarratais a bhaineann le limistéir gheografacha i mBallstát, go bhfuil an t-ainm lena mbaineann faoi chosaint ina thír thionscnaimh.

(5) Chinn an Coimisiún nár comhlíonadh an coinníoll maidir le cruthúnas a chur isteach go raibh 'SUBOTIČKO - HORGOŠKA PEŠČARA / СУБОТИЧКО – ХОРГОШКА ПЕШЧАРА' faoi chosaint sa tSeirbia.

(6) Cé gur iarr an Coimisiún roinnt uaireanta go gcuirfí an cruthúnas sin isteach (litreacha dar dáta an 29 Lúnasa 2011, an 20 Márta 2012 agus an 7 Aibreán 2015), níor chuir an grúpa iarrthach an cruthúnas sin ar fáil don Choimisiún sna freagraí uaidh. Sheol an grúpa iarrthach a litir dheiridh chuig an gCoimisiún an 8 Meitheamh 2015. Ní bhfuair an Coimisiún aon chumarsáid ón iarratasóir ó bhí an dáta sin ann. An 12 Iúil 2017, sheol an Coimisiún a litir barúlacha deiridh chuig an ngrúpa iarrthach.

(7) I litir dar dáta an 5 Meitheamh 2015, chuir Aireacht Talmhaíochta agus Cosanta Comhshaoil Phoblacht na Seirbia an Coimisiún ar an eolas nach ndearna Comhlachas Kadarka iarratas riamh ar chlárú an Ainmniúcháin Tionscnaimh faoi Chosaint (ATFC) 'SUBOTIČKO - HORGOŠKA PEŠČARA / СУБОТИЧКО – ХОРГОШКА ПЕШЧАРА' i gcóras náisiúnta na Seirbia chun ATFC agus Tásc Geografach faoi Chosaint (TGFC) a chosaint in earnáil an fhíona. Bhí an córas sin i bhfeidhm i bPoblacht na Seirbia ón 1 Feabhra 2013 ar aghaidh.

(8) An 6 Feabhra 2024, sheol an Coimisiún litir mheabhrúcháin chuig an ngrúpa iarrthach, chun a fhiosrú an dtiocfadh leis fós a bheith ag coinne le freagra agus chun a chur in iúl don ghrúpa go bhféadfaí an t-iarratas a tharraingt siar freisin. Ní bhfuair an t-iarratasóir an litir sin toisc gur cuireadh ar ais í mar litir nár seachadadh.

(9) An 2 Iúil 2024, chuir Aireacht Talmhaíochta Phoblacht na Seirbia an Coimisiún ar an eolas go raibh príomhionadaí an ghrúpa iarrthaigh tar éis bháis agus go raibh a iníon cláraithe anois mar ionadaí an ghrúpa iarrthaigh. An 17 Nollaig 2024, d'iarr an Coimisiún uirthi, i litir, an t-iarratas a tharraingt siar go foirmiúil ar an toimhde nach raibh suim ag an ngrúpa iarrthach leanúint den nós imeachta a thuilleadh. Ní bhfuair an Coimisiún aon fhreagra.

(10) An 14 Bealtaine 2025, sheol an Coimisiún litir chuig an ngrúpa iarrthach chun iad a chur ar an eolas go raibh sé ar intinn aige an t-iarratas a dhiúltú ar an bhforas nár chomhlíon sé na coinníollacha maidir le clárú, mar gheall ar easpa cruthúnais ar chosaint sa tír thionscnaimh agus toisc nár thug an grúpa iarrthach freagra.

([8]) Rialachán (CE) Uimh. 607/2009 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2009 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe áirithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 479/2008 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus tásca geografacha faoi chosaint, téarmaí traidisiúnta, lipéadú agus cur i láthair táirgí áirithe in earnáil an fhíona (IO L 193, 24.7.2009, lch. 60, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/607/oj).

(11) Maidir leis an iarratas ar chlárú an ainm 'SUBOTIČKO - HORGOŠKA PEŠČARA / СУБОТИЧКО – ХОРГОШКА ПЕШЧАРА' mar ATFC, a chuir Comhlachas Kadarka isteach, i bhfianaise na faisnéise atá ina sheilbh ag an gCoimisiún agus toisc nach bhfuair sé aon fhreagra fós ón ngrúpa iarrthach, measann sé, a mhéid nach bhfuil san fhaisnéis sin, sa bhreis ar na heilimintí is gá le haghaidh iarratais a bhaineann le limistéir gheografacha i mBallstát, cruthúnas go bhfuil an t-ainm lena mbaineann faoi chosaint ina thír thionscnaimh, measann an Coimisiún nach gcomhlíonann an t-iarratas sin na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 118d(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007, arna leasú le Rialachán (CE) Uimh 491/2009, agus in Airteagal 94(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, sular leasaíodh é le Rialachán (AE) 2021/2117.

(12) Ba cheart, dá bhrí sin, an t-iarratas ar chlárú an ainm 'SUBOTIČKO - HORGOŠKA PEŠČARA / СУБОТИЧКО – ХОРГОШКА ПЕШЧАРА' mar ATFC a dhiúltú.

(13) Glactar na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh Cur Chun Feidhme seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Diúltaítear an t-iarratas ar chlárú an ainm 'SUBOTIČKO - HORGOŠKA PEŠČARA / СУБОТИЧКО – ХОРГОШКА ПЕШЧАРА' mar ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC).

*Airteagal 2*

Is chuig an iarratasóir a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Márta 2026.

*Thar ceann an Choimisiúin*
Christophe HANSEN
*Comhalta den Choimisiún*